COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO | MAYO COUNTY COUNCIL

# Force 12

## Féile Scríbhneoirí | Writers' Festival

## CLÁR 2009
## PROGRAMME 2009

### Dé hAoine 12ú Meitheamh
### Friday 12th June

**Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead**
**Belmullet Arts Centre**

| | |
|---|---|
| 8.00pm | Fáiltiú (deochanna)<br>Reception (beverages) |
| 8.30pm | Lainseáil le / Launch by Cllr Joseph Mellett Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo |
| 9.00pm – 10.30pm | Léamha le / Readings by Éilís Ní Dhuibhne, Billy Ramsell, Liz O'Donoghue & William Wall. |

### Dé Sathairn 13ú Meitheamh
### Saturday 13th June

**Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead**
**Belmullet Arts Centre**
**Ceardlanna - Workshops**

| | |
|---|---|
| 10.30am – 12.30pm | Filíocht le / Poetry with Paula Meehan<br>Neamhfhicsean Cruthaitheach le/Creative Non-fiction with Theo Dorgan |
| 2.00pm – 4.00pm | Gearrscéalaíocht le / Short Story with Clare Wigfall<br>Léitheoireacht phoiblí le / Reading in Public by John Corless |
| 4.30pm – 6.00pm | Léamha -Readings by participating writers |

**An Chéibh, Béal an Mhuirthead**
**An Chéibh, Belmullet**

| | |
|---|---|
| 6.00pm | Buifé - Buffet Meal |

**Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead**
**Belmullet Arts Centre**

| | |
|---|---|
| 8.30pm – 10.30pm | Léamha le / Readings by Patrick Cotter, Paula Meehan, Clare Wigfall & Theo Dorgan |

### Dé Domhnaigh 14ú Meitheamh
### Sunday 14th June

| | |
|---|---|
| 10.00am | Bus chun na hEachléime - Bus to Eachléim<br>(Bus leaves from outside An Chéibh) |

Teach John Joe

| | |
|---|---|
| 11.00am – 12.00pm | Léamha -Readings by participating writers |
| 12.00pm | Lainseáil fhoilseachán John Corless<br>Launch of John Corless publication |
| 12.30pm | Lón - Lunch |
| 2.00pm | Bus go Béal an Mhuirthead /<br>Críoch na Féile<br>Bus to Belmullet / Festival finishes |

**Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo a d'eagraigh an imeacht seo, curtha i láthair i gcomhpháirtíocht le hÁras Inis Gluaire, le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.**

**Má theastaíonn uait freastal ar imeacht ar bith atá luaite anseo, nó má theastaíonn eolas breise uait déan teagmháil le:**
**Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo,**
**Áras an Chontae,**
**Caisleán an Bharraigh**
**Teil: 094 9024444, fo-líne 7558 & 7560.**
**R-phost: mayoarts@mayococo.ie**

**Cead isteach chuig na léamha agus ceardlanna saor in aisce do chách. Ní mór áit a chur in áirithe le freastal ar na ceardlanna.**

**Ba mhian le Comhairle Contae Mhaigh Eo buíochas a ghabháil le chuile dhuine a raibh baint acu leis an bhféile seo**



**This event is organized by Mayo County Council Arts Office, presented in partnership with Áras Inis Gluaire, and is supported by the Arts Council of Ireland.**

**If you wish to attend any of the events or require further information please contact:**
**Mayo County Council Arts Office,**
**Áras an Chontae,**
**Castlebar**
**Tel: 094 9024444, ext. 7558 & 7560**
**E-mail: mayoarts@mayococo.ie**

**Attendance at readings and workshops is free to the public. Workshop places are limited therefore please book.**

**Mayo County Council would like to thank all those who have been involved in this festival.**

Áras Inis Gluaire

arts council / an chomhairle ealaíon



# Force 12 Programme 2009

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Féile Scríbhneoirí Force 12
Béal an Mhuirthead
Dé hAoine, Dé Sathairn, Dé Domhnaigh 12ú-14ú Meitheamh

MAYO COUNTY COUNCIL
# Force 12
## Writers' Festival

Mayo County Council would like to thank all those who have been involved in this Festival.

**BELMULLET, CO. MAYO**
**June 2009**
**Friday 12th, Saturday 13th and Sunday 14th**

# Force 12

## Féile Scríbhneoirí 2009
## Writers' Festival 2009

Fáilte chuig an naoú bliain déag d'Fhéile Scríbhneoirí Force 12 i mBéal an Mhuirthead. Tá clár an deireadh seachtaine le bheith neamhfhoirmiúil agus cairdiúil. Anuas ar chlár iontach léamha agus ceardlanna ó ealaíontóirí gairmiúla a chur ar fáil, tá sé mar aidhm ag an bhféile deis a thabhairt do scríbhneoirí neamhfhoilsithe a gcuid saothair a léamh go poiblí agus casadh le scríbhneoirí eile. Tá lúcháir mhór orainn arís, i mbliana, é a fhógrú go mbeidh na himeachtaí ar fad ar bun in Áras Inis Gluaire, Ionad Ealaíon i mBéal an Mhuirthead, atá ag obair le Comhairle Contae Mhaigh Eo ar an bhFhéile seo.

Beidh deis ag an bpobal freastal ar cheardlanna éagsúla idir fhilíocht, scríbhneoireacht neamhfhicsin cruthaithigh, gearrscéalaíocht, agus léitheoireacht phoiblí, maidin Dé Sathairn. Tráthnóna Dé hAoine agus Dé Sathairn beidh léamha ó aoi-scríbhneoirí gairmiúla chomh mhaith le léamha eile ó ghrúpaí scríbhneoirí a ghlac páirt san fhéile tráthnóna Dé Sathairn agus maidin Dé Domhnaigh. Cuirfear béile ar fáil i ndiaidh léachtaí an Domhnaigh chun slán a fhágáil.

Welcome to the nineteenth year of Force 12 Writers' Festival in Belmullet. The programme for the weekend is designed to be an informal and relaxed event. In addition to an excellent programme of readings and workshops by professional writers, the festival aims to provide a platform for unpublished writers to read their own work and to meet other writers. This year, we are again delighted to announce that all events will take place Áras Inis Gluaire, the Arts Centre in Belmullet, which is working in partnership with Mayo County Council on this festival.

On Saturday morning and afternoon there will be workshop opportunities in Poetry, Creative Non-fiction, Short Story and Reading in Public. There will be readings by professional guest writers on Friday and Saturday evenings and by participating writer's groups on Saturday afternoon and Sunday morning. The readings on Sunday will be followed by a farewell lunch.

## stiúrthóir | director



### Patrick Cotter
### Stiúrthóir Force 12 2009
### Force 12 Director 2009

Rugadh Patrick Cotter i gCorcaigh i 1963. Is cuid dá shaothar The Mysogynist's Blue Nightmare (Raven Arts Press, 1990); A Socialist's Dozen (Three Spires Press, 1990); The True Story of Aoife and Lir's Children & other poems (Three Spires Press); Perplexed Skin (Arlen House, 2008). Foilsíodh a chuid scríbhneoireachta sna ndíolamaí Separate Islands: Contemporary British and Irish poetry (Quarry, Ontario), Irish Poetry Now (Wolfhound), Jumping off Shadows - Some Contemporary Irish Poets (Cork University Press), The Irish Eros (Gill & Macmillan), The Backyards of Heaven (Talamh an Éisc), Something Beginning with P (O'Brien Press) agus sa The Great Book of Ireland. Tá gearrfhicsean foilsithe in Cyphers, New Irish Writing agus i bhfoilseacháin eile. Léiríodh dráma dá chuid, Beauty and the Stalker, in Amharclann na Gráinsí, Corcaigh i 2000. Sa bhliain 1984 bhí sé ar ghearrliosta do Ghradam Hennessy. Ba é an dara scríbhneoir ab fhearr sa chomórtas Ghradam Patrick Kavanagh i 1988. Is stiúrthóir é ar Ionad Litríochta na Mumhan faoi láthair. Tá cónaí air i gCorcaigh.

Patrick Cotter was born in Cork in 1963. His collections are The Mysogynist's Blue Nightmare (Raven Arts Press, 1990); A Socialist's Dozen (Three Spires Press, 1990); The True Story of Aoife and Lir's Children & other poems (Three Spires Press); Perplexed Skin (Arlen House, 2008). His work has appeared in the anthologies Separate Islands: Contemporary British and Irish poetry (Quarry, Ontario) Irish Poetry Now (Wolfhound) Jumping off Shadows - Some Contemporary Irish Poets (Cork University Press) The Irish Eros (Gill & Macmillan) The Backyards of Heaven (Newfoundland) Something Beginning with P (O'Brien Press) and in The Great Book of Ireland. He has published short fiction in Cyphers, New Irish Writing and elsewhere. His play Beauty and the Stalker was produced at the Granary Theatre, Cork in 2000. In 1984 he was shortlisted for a Hennessey Award. Cotter was runner-up in the Patrick Kavanagh award in 1988. He currently directs the Munster Literature Centre. He lives in Cork.

## scríbhneoir cónaitheach | writer in residance



### Éilís Ní Dhuibhne
### Scríbhneoir Cónaitheach 2009
### Force 12 Writer in Residance 2009

Rugadh Éilís Ní Dhuibhne i mBaile Átha Cliath i 1954. Tá dalladh úrscéalta, drámaí stáitse agus raidió tagtha óna peann: The Bray House (Attic Press, 1990); Singles (Attic Press, 1992); The Dancers Dancing (The Blackstaff Press, 1999), ar ghearrliosta don Ghradam Orange i 2000; Fox, Swallow, Scarecrow (The Blackstaff Press, 2007); and Dún an Airgid (Cois Life, 2008). Is cnuasaigh gearrscéalta dá cuid iad Blood & Water (The Attic Press, 1988); Eating Women is Not Recommended (The Attic Press); The Inland Ice and other stories (Blackstaff Press, 1997); The Pale Gold of Alaska And Other Stories (Headline Review, 2001), agus Midwife to the Fairies (Attic, 2002). Tá gradaim go leor bronnta ar a cuid saothair, Gradam Stewart Parker don Drámaíocht, trí Ghradaim Bisto do leabhair do pháistí, Gradam Chumann Meiriceánach an Léinn Éireannaigh don Phrós, agus gradaim éagsúla an Oireachtais d'úrscéalta agus drámaí. Múineann sí an scríbhneoireacht chruthaitheach agus is ball d'Aosdána í. I láthair na huaire tá sí ag teagasc ar chúrsa an MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ina cónaí i ndeisceart Átha Cliath.

Éilís Ní Dhuibhne was born in Dublin in 1954. She has written many novels, collections of short stories, plays for stage and radio, including The Bray House (Attic Press, 1990); Singles (Attic Press, 1992); The Dancers Dancing (The Blackstaff Press, 1999), shortlisted for the 2000 Orange Prize; Fox, Swallow, Scarecrow (The Blackstaff Press, 2007); and Dún an Airgid (Cois Life, 2008). Her collections of short stories are Blood & Water (The Attic Press, 1988); Eating Women is Not Recommended (The Attic Press); The Inland Ice and other stories (Blackstaff Press, 1997); The Pale Gold of Alaska And Other Stories (Headline Review, 2001), and Midwife to the Fairies (Attic, 2002) Her work has won several literary awards, including the Stewart Parker Award for Drama, three Bisto awards for children's books, American Association of Irish Studies Award for Prose, and several Oireachtas awards for novels and plays. A member of Aosdána and a teacher of Creative Writing, she currently teaches on the MA in Creative Writing at University College Dublin. She lives in south Dublin.

### Clár Cónaitheach Force 12 - Force 12 Residency Programme

Ó 2001 tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag forbairt Chlár an Scríbhneora Chónaithigh i gcomhar le Féile Scríbhneoirí Force 12. I measc na scríbhneoirí cónaitheacha chuige seo tá Ré Ó Laighléis, Sean Lysaght, Máire Holmes, John Breen agus Paddy Bushe. Beidh Éilís ag obair go dian ar chlár léamha agus ceardlanna i gcaitheamh mhí na Bealtaine agus Meitheamh le grúpaí agus scoileanna ar fud an chontae.

Since 2001, Mayo County Council has been developing the Writer in Residence Programme associated with the Force 12 Writers' Festival. Previous writers who have held the residency include Ré Ó Laighléis, Sean Lysaght, Máire Holmes, John Breen, and Paddy Bushe. Éilís will complete an intense programme of readings and workshops during May and June, working with writing groups and schools throughout the county.

## aoi-scríbhneoirí | guest writers

### Billy Ramsell



Is i gCorcaigh i 1977 a rugadh Billy Ramsell agus fuair sé a chuid oideachais ansin sa Mhainistir Thuaidh agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Ainmníodh a chéad chnuasach Complicated Pleasures do Ghradam Eithne Strong i 2008 agus bhí sé ar ghearrliosta do Ghradam Hennessy chomh maith. Tá sé ráite ag Ramsell, "[I mo chuid saothair] déanaim iarracht an méid seo a leanas a sheachaint: mo chlann, cineál ar leith áite faoin tuath, cinéal ar leith scríbhneoireachta faoin stair, dánta a bhfuil dlúthbhaint acu le hÉirinn agus le bheith Éireannach, pearsana áitiúla."

Billy Ramsell was born in 1977 in Cork, where he was educated in the North Monastery and at University College, Cork. His debut collection Complicated Pleasures was nominated for an Eithne Strong Award in



2008 and he has also been shortlisted for the Hennessy Award. Ramsell has declared, "[In my work] I try to avoid the following: my family, my childhood, a certain type of rural idyll, a certain way of writing about history, poems that explicitly concern themselves with Ireland and Irishness, local characters."

### Clare Wigfall



Bhain a céad chnuasach gearrscéalta The Loudest Sound and Nothing (Faber and Faber), a foilsíodh i 2007, clú agus cáil amach do Clare. I 2008 bronnadh Gradam Náisiúnta Gearrscéal an BBC, a bhfuil meas an domhain mhóir air, uirthi i ngeall ar 'The Numbers' ceann de na scéalta ina cnuasach. Tá cónaí faoi láthair uirthi i mBerlin.

Clare's debut collection of short stories The Loudest Sound and Nothing (Faber and Faber) was published in 2007 to critical acclaim. In 2008 she won the internationally renowned BBC National Short Story Award for 'The Numbers', one of the stories from her collection. She currently lives in Berlin.

### John Corless



Tá taithí fada fairsing mar theagascóir ag John Corless. Bronnadh an MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach air agus ghlac sé páirt san Electric Picnic i 2008. Cumann sé filíocht, drámaíocht agus ficsean. Foilsíodh saothar dá chuid in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Iorua, sa tSeapáin, i gCeanada agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá gradaim go leor bronnta air. Is dánta polaitiúla agus aortha iad a chuid filíochta; thagair criticeoir amháin dá chuid saothair mar 'casann Paul Durcan leis na Sawdoctors.' Foilseoidh Salmon a chéad chnuasach filíochta an bhliain seo chugainn.

John Corless is a vastly experienced tutor. He has an MA in Creative Writing and performed at the 2008 Electric Picnic. He writes poetry, drama and fiction. His work has been published in Ireland, the UK, Norway, Japan, Canada and the USA. He has won many prizes. His poetry is a mix of political and satirical; one critic described it as 'Paul Durcan meets The Sawdoctors.' His debut poetry collection is due out next year from Salmon.

### Liz O'Donaghue



Rugadh i dTuaisceart Chorcaí í, agus tá sí anois ina cónaí i gCathair Chorcaí. Tá mac amháin aici. D'fhreastal sí ar Choláiste na hOllscoile Corcaigh, d'eagraigh sí an Poetry Workshop nuair a bhí sí ann, agus chuir sí aithne ar Gerry Murphy, Louis de Paor, Colm Breathnach agus Greg Delanty i measc go leor eile. Tá go leor léamha tugtha aici agus tá a cuid saothair foilsithe go forleathan. Tá cnuasach scannánaithe fhilí Chorcaí 'In the Hands of Erato' stiúraithe agus léirithe aici, léiríodh an scannán seo ag Féile Scannán Chorcaí 2003. Bhronn Comhairle Cathrach Chorcaí sparántacht ealaíontóra uirthi i 2004. D'aistrigh sí filíocht de chuid an fhile Liotuáinise, Sigitas Parulskis don tionscadal aistriúcháin a bhí mar chuid den Bhliain Chultúrtha 2005. D'fhoilsigh Arlen House a céad chnuasach filíochta 'Train To Gorey' i 2008.

Liz O'Donoghue was born in North Cork in 1960 and now lives in Cork City. She has one son. She was educated in UCC and while there ran the Poetry Workshop where she met Gerry Murphy, Louis de Paor, Colm Breathnach and Greg Delanty among others. She has read and been published widely. She produced and directed a film anthology of Cork poets, 'In The Hands of Erato', which was screened in the Cork Film Festival 2003. In 2004, she received an artist's bursary from the Cork City Council. She translated the Lithuanian poet, Sigitas Parulskis for the 2005 Year of Culture translation project. Her debut collection, 'Train To Gorey' was published by Arlen House in 2008.

### Paula Meehan



I dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath a rugadh agus a tógadh an file agus drámadóir Paula Meehan. Fuair sí a cuid oideachais i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus in Eastern Washington University i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Foilsíodh sé chnuasach filíochta uaithi, an ceann is déanaí i mbliana - Painting Rain. Tá drámaí scríofa do pháistí agus do dhaoine fásta araon aici, Cell agus The Wolf of Winter ina measc. Ar na gradaim a bronnadh uirthi tá Gradam Litríochta Butler don Fhilíocht bronnta ag Instidiúid Chultúrtha Éireannach Meiriceánach, Gradam Litríochta Marten Toonder, agus Gradam Denis Devlin i ngeall ar Dharmakaya a foilsíodh i 2000. Bronnadh onóir eile uirthi nuair a glacadh mar bhall d'Aosdána i 1996 í. Theagasc sí an fhilíocht i bpríosúin Phoblacht na hÉireann, i roinnt ollscoileanna, agus i bpobail éagsúla ar fud na tíre.

Poet and playwright Paula Meehan was born and reared in the north inner city of Dublin. She studied at Trinity College, Dublin and at Eastern Washington University in the United States. She has published six collections of poetry, the most recent this year – Painting Rain. She has written plays for both adults and children, including Cell and The Wolf of Winter. Among other awards she has received the Butler Literary Award for Poetry presented by the Irish American Cultural Institute, the Marten Toonder Award for Literature, and the Denis Devlin Award for Dharmakaya, published in 2000. She was honoured with election to Aosdána in 1996. She has taught poetry in the prisons of the Republic, in many of the universities, and in community contexts.

### Theo Dorgan



De bhunadh lucht oibre é Theo Dorgan a rugadh i gclann mhór ar thuaisceart Chathair Chorcaí i 1953. D'fhreastal sé ar scoil sa Mhainistir Thuaidh áit ar fhoghlaim sé trí mheán na Gaeilge ag an am céanna leis an fhile Gerry Murphy. Ina dhiaidh sin bronnadh bunchéim agus iarchéim san fhealsúnacht agus i litríocht an Bhéarla air i gColáiste na hOllscoile. A fhad is a bhí sé ina bhainisteoir ar chlár litríochta de chuid Ionad Ealaíon Triskel mhúin sé san ollscoil. Foilsíodh dánta uaidh agus é ina mhacléinn (faoi oiliúint ag John Montague) sular tháinig níos mó óna pheann i gcnuasaigh éagsúla: The Ordinary House of Love i 1991, Rosa Mundi i 1995 agus Sappho's Daughter i 1998. San am a caitheadh bhí sé ag obair mar chraoltóir raidió agus teilifíse agus bhí sé ina stiúrthóir ar Éigse Éireann, eagras náisiúnta na filíochta. D'eascair a chuimhní cinn Sailing for Home (Penguin, 2004), a raibh tóir mhóir sna siopaí air, as a chuid suime sa seoltóireacht. Tá súil go bhfoilseofar cnuasach nua filíochta uaidh go luath i ngeimhreadh 2009.

Theo Dorgan was born in 1953 into a large working-class family on Cork City's Northside. He was educated at the North Monastery, where he was taught in Irish and was a contemporary of the poet Gerry Murphy. He went on to obtain graduate and postgraduate degrees in philosophy and English literature from University College Cork. He later taught there while simultaneously managing the literature programme of the Triskel Arts Centre. He began publishing poems as an undergraduate (studying under John Montague) before going on to publish several collections: The Ordinary House of Love in 1991, Rosa Mundi in 1995 and Sappho's Daughter in 1998. He has worked as a radio and television broadcaster and for a long time was director of Poetry Ireland, the national poetry organisation. His interest in sailing led to him publishing a best-selling memoir Sailing for Home (Penguin, 2004). A new poetry collection is due in early winter 2009.

### William Wall



Is údar cheithre leabhair é William Wall: Alice Falling (Sceptre, 2000/ Norton, 2000); Minding Children (Sceptre, 2001); The Map of Tenderness (Sceptre, 2002); agus This is the Country (Sceptre, 2005), a ainmníodh ar an liosta fada don Ghradam Man Booker. Foilsíodh a chéad chnuasach ghearrfhicsin i 2006, No Paradiso (Brandon, 2006). Is cnuasaigh filíochta dá chuid iad Mathematics & Other Poems (Collins Press, 1997), a bhuaigh Gradam Patrick Kavanagh agus Duais Chnuasach Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail; agus Fahrenheit Says Nothing To Me (Dedalus Press, 2004). Foilsíodh a chuid scéalta i bhfad agus i gcéin, in Faber Book of Best Irish Short Stories (Faber, 2005) ina measc. Tá aistriúchán déanta ar a chuid leabhair go teangacha éagsúla. Rugadh i gCorcaigh i 1955 é. Tuilleadh eolais ó www.williamwall.eu

William Wall is the author of four novels: Alice Falling (Sceptre, 2000/ Norton, 2000); Minding Children (Sceptre, 2001); The Map of Tenderness (Sceptre, 2002); and This is the Country (Sceptre, 2005), which was long-listed for the Man Booker Prize. In 2006 he published his first collection of short fiction, No Paradiso (Brandon, 2006). His poetry collections are Mathematics & Other Poems (Collins Press, 1997), which won The Patrick Kavanagh Award and the Listowel Writers' Week Collection Prize; and Fahrenheit Says Nothing To Me (Dedalus Press, 2004). His stories have been published widely, including in the Faber Book of Best Irish Short Stories (Faber, 2005). His books have been translated into several languages. He was born in Cork in 1955. More information from www.williamwall.eu

guest writers
aoi-scríbhneoirí